Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Ag Fanacht Beo
## Modúl 1

## Bonnsraith

**[GSC11]**

GSC11

**DÉ MÁIRT 9 SAMHAIN 2010, IARNÓIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

**1 (a)** Taispeánann an tábla thíos cá mhéad fuinnimh a bhíonn de dhíth ar chailín sna déaga le gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh go ceann uair an chloig.

| **Gníomhaíocht** | **Fuinneamh atá de dhíth/kJ** |
|---|---|
| ina codladh | 400 |
| ag amharc ar theilifís | 600 |
| ag siúl | 1200 |
| ag rith | 2400 |

**(i)** Tarraing **barrachairt** don fhaisnéis seo ar an eangach seo thíos.




[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

(ii) Ríomh an difríocht idir an méid fuinnimh a bhíonn de dhíth ar an chailín le bheith ina codladh go ceann uair an chloig agus le bheith ag rith go ceann uair an chloig.

Taispeáin do chuid oibre.

_______________________ kJ [2]

(iii) In amanna bíonn buachaillí sna déaga níos gníomhaí ná cailíní sna déaga. Cén éifeacht a bheidh aige seo ar an méid fuinnimh a bhíonn de dhíth ar bhuachaillí i gcomparáid le cailíní?

Roghnaigh ó:

**níos mó** : **níos lú** : **an méid céanna**

_______________________________________________ [1]

**(b)** Comhlánaigh na habairtí seo thíos.

Roghnaigh ó:

**fótaisintéis** : **dé-ocsaíd charbóin** : **ocsaigin** : **riospráid**

Is ón phróiseas de _______________________ a fhaigheann an corp fuinneamh.

Táirgeann sé seo an gás ______________________________ . [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** D’úsáid dalta tuaslagán Benedict le sampla d’iógart a thástáil. D’athraigh an tuaslagán ó dhath gorm go dath dearg.

**(i)** Cén cineál bia a bhí san iógart, mar sin?

Roghnaigh ó:


**siúcra** : **saill** : **vitimín D**

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh **cineál** bia a d’athródh iaidín ó dhath flannbhuí go dath gorm/dubh.

_______________________________________________ [1]

**(b)**




Roghnaigh **ceann amháin** de na bianna thuas ina bhfuil:

**(i)** próitéin a bhíonn de dhíth le haghaidh fáis agus deisiúcháin.

____________________________ [1]

**(ii)** méid mór de vitimín C.

____________________________ [1]

(c) Anseo thíos tá ráitis faoin ghalar scorbach.

1. San 18ú haois níorbh fhios cad chuige ar tháinig scorbach ar mhairnéalaigh a bhí ar turas fada farraige.

2. Má tharla sé go raibh líomaí ar an long ní thiocfadh scorbach ar an oiread sin mairnéalach.

3. Shíl eolaithe gur chuir líomaí cosc ar scorbach.

Cé acu de na habairtí seo (**1**, **2** nó **3**) ar tátal é?

_______________________________________________ [1]

(d) (i) Tá Aindriú róthrom. Seachas níos lú bia a ithe, luaigh dóigh **amháin** ar féidir leis meáchan a chailleadh.

_______________________________________________ [1]


(ii) Cionn is go bhfuil Aindriú róthrom, luaigh dóigh **amháin** a mbeadh éifeacht aige seo ar dhaoine eile ina shaol.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 **(a)** Anseo thíos tá léaráid den chóras atáirgthe bhaineann.




**X**

*© Oxford Designers & Illustrators*

Cuireann na frásaí seo a leanas síos ar thuras na speirme i ndiaidh di imeacht as an phéineas go dtí go dtoirchítear an ubh, ach níl siad san ord ceart.

**A** snámhann tríd an cheirbheacs
**B** téann isteach san fhaighin
**C** snámhann tríd an útaras
**D** toirchíonn an ubh
**E** téann isteach san ubhaducht

Agus na litreacha (**A**, **B**, **C**, **D** agus **E**) in úsáid agat, cuir na frásaí san ord ceart anseo thíos. Tá an chéad cheann déanta.

**B** ______ ______ ______ ______ [2]

**(b)** **(i)** Is féidir le baineannaigh obráid a fháil sa dóigh nach mbeidh páistí acu. Ar an léaráid thuas, tarraing líne ó **X** go dtí ceann de na codanna a ghearrtar san obráid seo. [1]

**(ii)** Mínigh ina hiomláine an dóigh a gcoisceann an obráid seo toircheas.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Luaigh fadhb míochaine **amháin** a bhaineann le toirchis i measc déagóirí.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Taispeánann na boscaí thíos roinnt próiseas atáirgthe agus cur síos orthu. Úsáid línte le gach próiseas a cheangal dá chur síos ceart. Tá cur síos amháin nach mbeidh in úsáid.

**Próiseas**


- Ionchlannú
- Deighilt
- An slánú

**Cur síos**

- Eisteilgtear an phlacaint
- Scaoiltear ubh
- Athraíonn cill amháin ina meall de chealla
- Tochlaíonn an ubh thoirchithe isteach i mballa an útarais

[3]

**(b)** Comhlánaigh an léaráid thíos trí líon na gcrómasóm a scríobh i núicléas **P** agus i núicléas **Q**.




[1]

**(c)** Comhlánaigh an abairt seo thíos.

Roghnaigh ó:


**heitrisigeach : an feinitíopa : difriúil : homaisigeach**

Tá an géinitíopa **BB** ____________________ do shúile donna mar fuair an sliocht an ghéin chéanna le hoidhreacht ó gach duine de na tuismitheoirí.

[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Taispeánann an graf thíos an éifeacht a bhíonn ag solas ar an ráta fótaisintéise.




**(a)** Tá ar gharraíodóir a shocrú cá mhéad solais a chuirfidh sé sa teach gloine. Tá air roghnú as 30, 60 nó 90 aonad solais. Dá mhéad aonaid solais a úsáideann sé is amhlaidh gur airde an costas.

1. Cén ceann ba chóir dó a roghnú?

_____________________ aonad solais [1]

2. Mínigh do rogha.

_____________________________________________________

_____________________________________________________ [2]

**(b)** Luaigh **dhá** dhóigh a dtéann próiseas na fótaisintéise chun tairbhe do dhaoine.

1. _____________________________________________________

2. _____________________________________________________ [2]

**6** **(a)** Leis an tábla seo thíos a chomhlánú, ainmnigh an struchtúr sa chorp a dhéanann gach ceann de na feidhmeanna.

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

| **Feidhm** | **Ainm an struchtúir** |
|---|---|
| comhordaitheoir | |
| éifeachtóir | |
| gabhdóir | |


[3]

**(b)** Mínigh ina hiomláine cén dóigh a gcuidíonn gníomhú athfhillteach leat dó géar a sheachaint má leagann tú lámh ar rud te de thaisme.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(c)** Taispeánann an graf an ráta cuisle do bheirt dhaltaí 15 bliana d'aois, roimh dóibh aclaíocht a dhéanamh, le linn na haclaíochta agus ina diaidh. Bhí siad ag dul don aclaíocht idir 3–5 nóiméad.




**(i)** Cá mhéad nóiméad i ndiaidh di an aclaíocht a thosú ar shroich cuisle Cháit an bhuaicráta?

_______________ nóiméad [1]

**(ii)** Cé acu dalta (Cáit nó Conchúr) is gasta a tháinig chuige/chuici féin i ndiaidh na haclaíochta? Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Lean Cáit uirthi ag déanamh aclaíochta gach lá go ceann roinnt seachtainí ach d'éirigh Conchúr as aclaíocht. Cén éifeacht, dar leat, a bheadh aige seo ar na rátaí téarnaimh acu?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Taispeánann an tsreabhchairt thíos cuid de na céimeanna leis na leibhéil ghlúcóis san fhuil a rialú.

1. Gnáthleibhéal glúcóis san fhuil

↓

2. Leibhéal ard glúcóis san fhuil

↓

3. Táirgtear hormón

↓

4. Gnáthleibhéal glúcóis san fhuil

**(a)** **(i)** Cad é a tharla, dar leat, idir céimeanna 1 agus 2 gur méadaíodh ar an leibhéal glúcóis i bhfuil an duine?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an hormón a táirgeadh i gcéim 3 agus cuir síos ar an dóigh a mbíonn sé ag feidhmiú leis na leibhéil ghlúcóis a laghdú.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(b)** Tá líon na ndaoine a bhfuil diaibéiteas Cineál 2 orthu ag dul i méid.

**(i)** Luaigh **dhá** chúis leis seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh difear **amháin** idir diaibéiteas Cineál 1 agus diaibéiteas Cineál 2.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.